



Coláiste Aonad Bainistíochta:	AD UCD, Dí UCD & SIRC
Scoil Aonad:	AD UCD
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair (<i>más ábhartha</i>):	Ceannaire Foirne Sinsearach - Oibríochtaí AD
Tréimhse an Phoist:	Conradh Sealadach, go dtí an 20 Nollaig 2027
Grád:	Oifigeach Riaracháin I
Scála Tuarastail:	€53,876 - €72,929
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme:	Bainistíocht Acmhainní Daonna - Leibhéal Gairme 4
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist:	2026-08-058
Bainisteoir Líne:	Bainisteoir Oibríochtaí AD nó ainmní
Uimhir Thagartha an Chomórtais:	019966
Riarthóir Acmhainní Daonna:	Jagoda Wychowaniak
Iarratais agus Dáta Deiridh:	https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/
Incháilithe do Chead Oibre:	Níl

Achoimre ar an bPost:

Is é ról an Cheannaire Foirne Sinsearaigh ar Oibríochtaí AD ná an Fhoireann Oibríochtaí AD a bhainistiú agus a bheith freagrach as reáchtáil agus bainistiú laethúil na foirne trí úsáid éifeachtach acmhainní.

Beidh an t-iarrthóir rathúil freagrach as na réimsí seo a leanas:

- I. Laethanta saoire reachtúla a riar (mar sh. saoire mháithreachais agus thuismitheoireachta, saoire bhreiteachta agus beartais eile na hOllscoile i ndáil le saoire)
- II. Reáchtáil laethúil na foirne Deasc Chabhrach agus Comhairleacha AD a bhainistiú agus ceannaireacht a dhéanamh ar oibríochtaí straitéiseacha AD agus ar ghníomhaíocht bainistíochta tionscadal;
- III. Gach gné de riarachán párolla agus cur i bhfeidhm coinníollacha seirbhíse do bhaill foirne a íoctar in aghaidh na míosa, na seachtaine, agus na huaire
- IV. Comhairle a chur ar fáil don fhoirneann maidir le rátaí pá agus cur i bhfeidhm bheartais na hOllscoile i ndáil le híocaíochtaí de réir mar a chuirtear ar aghaidh tríd an Deasc Chabhrach.

Cinnteoigh sealbhóir an phoist go gcuirfear seirbhís thar a bheith solúbtha, freagrúil agus éifeachtach ar fáil do gach páirtí leasmhar i dtimpeallacht ghnóthach agus dhinimiciúil. Beidh an duine freagrach as spriocanna seirbhíse do chustaiméirí a shocrú agus a chomhlíonadh chomh maith le feabhsuithe próisis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Beidh ar shealbhóir an phoist caidrimh oibre chomhoibríocha a chothú ar bhealach gairmiúil agus inrochtana agus beidh cumarsáid réamhghníomhach, thráthúil agus chruinn le gach páirtí leasmhar inmheánach agus seachtrach rithabhachtach dá rath. Tá réimse dualgas agus freagrachtaí i gceist leis an bpost mar atá leagtha amach thíos chun tacaíocht a thabairt le samhail seachadta seirbhísí ilchisealach AD UCD agus le forbairt leanúnach Oibríochtaí AD.

Tuairisceoidh an t-iarrthóir rathúil don bhainisteoir Oibríochtaí AD agus oibreoidh siad go dlúth le gach réimse de chuid AD UCD, go háirithe na foirne freagrach as Conarthaí & Párolla.